An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Pointí tábhachtacha eolais faoi *Chosán*

1 Is ionann *Cosán* agus an creat náisiúnta foghlama múinteoirí atá forbartha ag an gComhairle Múinteoireachta. Leis an gcreat déantar **foghlaim múinteoirí a aithint, a spreagadh agus a chur chun cinn** agus cothaítear aitheantas poiblí ar a dtiomantas d'fhoghlaim.

2 Le *Cosán* aithnítear na bealaí éagsúla go léir ina bhfoghlaimíonn múinteoirí, lena n-áirítear foghlaim **fhoirmeálta agus neamh-fhoirmeálta** chomh maith le **foghlaim phearsanta agus ghairmiúil.**

3 Le *Cosán* aithnítear gur gairmithe **féinriartha freagracha** iad múinteoirí atá ag foghlaim.

4 Le *Cosán* aithnítear an tábhacht atá le comhthéacs aonair agus scoile.

5 Is ionann *Cosán* agus creat solúbtha lenan-aithnítear an gá go mbeidh rochtain ag múinteoirí ar **dheiseanna foghlama ardchaighdeáin saibhre éagsúla** a fhreastalaíonn ar a riachtanais foghlama agus riachtanais foghlama a mic léinn.

6 Le *Cosán* léirítear meas ar fhoghlaim múinteoirí le raon de phróisis foghlama, lena n-áirítear **rannpháirtíocht i gcomhráití gairmiúla,** alt ábhartha **a léamh, teagasc foirne** le comhghleacaí agus páirt a ghlacadh in **athmhachnamh comhoibríochina** dhiaidh, freastal ar **ócáid foghlama gairmiúla, nó foghlaim scoil-bhunaithe a éascú.**

7 Le *Cosán* déantar **cleachtas athmhachnaimh** a chur chun cinn, ina bhfuil múinteoirí freagrach as a gcuid foghlama féin, agus ina bhfuil an deis acu a gcleachtas a fhorbairt feadh a ngairm.

8 Rinneadh *Cosán* a fhorbairt trí dhá chéim **comhairliúcháin** ar leith le múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile, idir Meán Fómhair 2014 agus Nollaig 2015.

9 Anois agus *Cosán* glactha ag an gComhairle, leanfar ar aghaidh lena fhorbairt trí **phróiseas forbartha ó Aibreán 2016 go 2020.**

10 Beidh scoileanna, múinteoirí aonair agus páirtithe leasmhara eile páirteach i **bpróiseas forbartha** *Chosán,* agus féachfaidh siad ar na bealaí is fearr le gnéithe tábhachtacha *Chosán* a úsáid i gcleachtas.

Mar shampla, le linn na céime seo, féachfaidh rannpháirtithe ar conas is féidir rannpháirtíocht i bhfoghlaim a cheangal le clárú ar bhealach lanbhrí inbhuanaithe.

Má tá suim ag múinteoirí, scoileanna, nó líonraí de ghairmithe atá ann cheana páirt a ghlacadh ann, is féidir tuilleadh eolais a fháil ach ríomhphost a chur chuig cosan@teachingcouncil.ie.